C/2025/414

16.1.2025

Foilsiú iarratais ar chlárú ainm de bhun Airteagal 50(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí

(C/2025/414)

Tar éis an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

DOICIMÉAD AONAIR

‘Pastel de feijão de Torres Vedras’

Uimh. AE: PGI-PT-03046 – 6.12.2023

ATFC ( ) TGFC (X)

1. **Ainm (nó ainmneacha) (TGFC/ATFC)**

‘Pastel de feijão de Torres Vedras’

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

An Phortaingéil

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *An cineál táirge*

Aicme 2.3. Arán, taosrán, cácaí, milseogra, brioscaí agus earraí eile báicéirí

Cód ainmníochta comhcheangailte

19 - ULLMHÓIDÍ GRÁNACH, PLÚIR, STÁIRSE NÓ BAINNE; TÁIRGÍ CÓCAIRÍ TAOSRÁIN

1905 - Arán, taosrán, cácaí, brioscaí agus earraí eile báicéirí, bíodh cócó iontu nó ná bíodh; abhlanna, capsúil fholmha de chineál atá oiriúnach d’úsáid chógaisíochta, sliseoga séalaithe, rísphápéar agus táirgí comhchosúla

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Is taosrán beag milis é ‘Pastel de feijão de Torres Vedras’ a bhácáiltear san oigheann agus atá comhdhéanta de dhá chuid ar leith: an cás taosráin — ar a dtugtar an *forra* (‘clúdach’), nó *capa* (‘cumhdach’), nó *lençol* (‘leathán’) go háitiúil; agus an líonadh — ar a dtugtar *espécie* (‘blastán’) go háitiúil freisin.

Comhábhair éigeantacha:

Sa chás taosráin — ar a dtugtar an *forra* (‘clúdach’), nó *capa* (‘cumhdach’), nó *lençol* (‘leathán’) — tá plúr cruithneachta de chineál 65 nó 55, uisce, im nó saill phlandúil, agus salann ann;

Tá piseánaigh bhána den chineál ar a dtugtar pónairí ‘fidalgo’ go coitianta, almóinní úrbhánaithe, buíocáin uibhe úire agus/nó paistéartha, siúcra bán agus uisce ann san *espécie* (‘blastán’).

Comhábhair thoirmiscthe – breiseáin, aidiúvaigh phróiseála, sicphiseánaigh nó aon phiseánach seachas pónairí ‘fidalgo’ agus licéir nó deochanna biotáilleacha eile ina bhfuil almóinní nó úscra almóinne.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11.4.2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

Meáchan agus toisí caighdeánacha:

Meáchan	60 gram go 75 ghram
Airde	25 go 34 mm
Trastomhas an bhuin	30 go 45 mm
Trastomhas an fhonsa	60 go 70 mm

Féadfar mionsamhail de 'Pastel de feijão de Torres Vedras' a tháirgeadh freisin, lena ngabhann toisí sa raon ón gceathrú cuid go dtí leath na gnáthmhéide.

Déanann na príomh-shaintréithe seo a leanas idirdhealú idir 'Pastel de feijão de Torres Vedras' agus taosráin eile a dhéantar as pónairí:

Cruth – cruth clasaiceach pióige mionra, mar sin is cón ciorraithe inbhéartaithe é, i.e. tá an trastomhas níos lú ag an mbonn ná mar atá sé ag an mbarr; scaipeann gach toirtín aonair amach ón mbonn go barr cruinn, beagán dronnach atá níos mó ar trastomhas ná an bonn le himill dhea-shainithe.

Tá dath buí na tuí sa chás taosráin (bonn agus taobhanna) agus bailchríoch neamhlonrach ann, agus é mín ó thaobh tiúis de agus uigeacht mhín, dhea-fhoirmithe agus aonfhoirmeach ann mar aon le cuma bhriosc, rud a fhágann gur féidir an líonadh a bhrath tríd an gcás taosráin.

Nuair a ghearrtar é, tá dath idir buí agus buí oráiste air; is dath donn órga neamhlonrach atá ar dhromchla an toirtín, agus bíonn éagsúlachtaí beaga ann ag brath ar theocht an oighinn agus ar an am bácála. Tá uigeacht gharbh ag dromchla an toirtín mar gheall ar an siúcra sa mheascán a bheith ag ardú agus ag criostalú; tá an líonadh thíos gráinneach agus tais, agus is féidir le duine almóinní meilte, chomh maith leis na pónairí iad féin, a bhfuil comhsheasmhacht spúinseach acu, a bhlaiseadh. Tá boladh agus blas soiléir tosaigh almóinní ag na toirtíní, agus blas buíocán uibhe uaireanta, agus is féidir na pónairí a bhlaiseadh taobh thiar de sin.

Nuair a bhlaistear é, tá an cás taosráin briosc, ach ní bhíonn sé séideogach, agus é ag clúdach an líonta go híogair gan é a bhá. Is iarbhlas almóinní a bhíonn ann, toisc gurb é sin an blas is mó a mhaireann sa bhéal tar éis an taosrán a ithe.

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

—

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór gach céim de mhonarú 'Pastel de feijão de Torres Vedras', ó ullmhú chás an taosráin agus líonadh go táirgeadh an táirge deiridh, lena n-áirítear reo i gcás inarb infheidhme sin, a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Déantar na taosráin a phacáil i bpáipéar gréiscdhíonach plandabhunaithe sonrach gach táirgeora ar leith atá brandáilte ina aonar laistigh d'uair an chloig amháin go ceithre uair an chloig tar éis iad a fhuarú chun éilliú micribhitheolaíoch nó ionsú bolaithe coimhthíocha nó aon damáiste don chás taosráin, atá tanaí agus briosc, a sheachaint. Fágann an t-ábhar pacáistíochta traidisiúnta sin, arb é an t-ábhar é atá roghnaithe le céad bliain anuas é, gur féidir an táirge atá i gceist a chosaint agus seilfré atá iontaofa ó thaobh faid de a thabhairt dó gan cur isteach ar a bhlas ná ar a cháilíochtaí.

Déantar 'Pastel de feijão de Torres Vedras' atá le reo a phacáistiú ar dtús ar áitreabh an táirgeora.

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór na focail 'Pastel de feijão de Torres Vedras — Indicação Geográfica Protegida' [Tásc Geografach faoi Chosaint] nó 'Pastel de feijão de Torres Vedras — IGP' [TGFC] a bheith ar an lipéad.

Tá an fhaisnéis seo a leanas éigeantach:

— Ainm, ainm agus seoladh gnó an táirgeora/an phacáisteora

— Lógó 'Pastel de feijão de Torres Vedras', a atáirgtear thíos:



Maidir le lógó TGFC an Aontais, atá éigeantach ó thaobh dlí de, ní mór na focail 'Pastel de feijão de Torres Vedras' a bheith ann díreach ina diaidh. De bhreis ar thrádmharcanna na dtáirgeoirí/na bpacáisteoirí, féadfaidh trádmharcanna na ndáileoirí etc., chomh maith le suaitheantais nó aon tásc agus sonraíocht eile a bheith le feiceáil ar an lipéadú, ach ní fhéadfaidh siad sin a bheith níos feiceálaí ná na focail 'Pastel de feijão de Torres Vedras' nó a bheith tadhlach go díreach leis an tuairisc díolacháin 'Pastel de feijão de Torres Vedras' nó le lógó TGFC an Aontais.

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Tá an limistéar geografach le haghaidh tháirgeadh/mhonarú agus phacáistiú 'Pastel de feijão de Torres Vedras' ag teacht go díreach le limistéar bhardas Torres Vedras.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc cúisíoch idir 'Pastel de feijão de Torres Vedras' agus an limistéar geografach sainithe ar a dtugtar bardas Torres Vedras ó thaobh riaracháin de bunaithe ar cháilíocht agus ar chlú an taosráin, atá le feiceáil trí naisc staire agus teaghlaigh araon, agus de bharr eolas forleathan na dtomhaltóirí ar 'Pastel de feijão de Torres Vedras' agus de bharr a gcumais chun idirdhealú a dhéanamh idir é agus taosráin eile. Cé acu a tionscnaíodh, nó nár tionscnaíodh, é in Torres Vedras, is ionann an saineolas sonrach áitiúil, a leanann as traidisiún fada a bhaineann le cleachtais ársa a leanúint — d'ainneoin éagsúlachtaí an-bheag de réir 'brainse stairiúil' gach táirgeora — agus an 'eochair' (an ní chomh saintréitheach sin de mhilseogra traidisiúnta), b'fhéidir, ar tríd a tharraingítear aird ar leith ar an gcaoi a monaraítear 'Pastel de feijão de Torres Vedras' agus ar tuilleadh a chlú forleathan don taosrán sin. Is é an cás taosráin fíneálta agus briosc, nach puth-thaosrán é, an toisc shainiúil is suntasaí dá chuid, agus tá sé chomh tréshoilseach sin gur féidir an líonadh a fheiceáil tríd. Socraítear an cás taosráin seo amhail is dá mba leathán é ar bharr na stán toirtín gréiscthe, agus é brúite isteach trí úsáid a bhaint as tuairgnín taois agus é fillte chun é a chosc ó chur thar maoil as an stán agus, ina dhiaidh sin, chun a áirithiú nach dtéann an líonadh thar maoil as an gcás taosráin. Tá uigeacht shainiúil ag an gcás taosráin i gcomparáid le cáilíocht spúinseach na bpónairí, agus é sin measctha go maith le méid beag gráinneachta na n-almóinní, nach mór a bheith réamhbhánaithe nó bánaithe in áitreabh an táirgeora, agus ansin a bheith meilte go héigeantach san áitreabh céanna chun aon chailleadh bolaithe nó blais a sheachaint. Gné shainiúil eile a chuir go mór le cáil 'Pastel de feijão de Torres Vedras' is ea go ndíoltar é agus é fillte i bpáipéar gréiscdhíonach de ghrád bia phlandabhunaithe ar a bhfuil sonraí an táirgeora shonraigh i gcónaí, rud a thugann a chéannacht ar leith don táirge agus atá ina chomhartha don tomhaltóir. Coinníonn an páipéar gréiscdhíonach seo blas agus cáilíochtaí an taosráin, atá an-éagsúil le blas agus cáilíochtaí táirgí comhchosúla eile, ar feadh a sheilfré.

Is iomaí teistiméireacht, alt agus foilseachán atá ann lena bhfianaítear príomhacht, céimíocht, clú reatha agus úsáid an ainm Torres Vedras chun 'Pastel de feijão de Torres Vedras', a tháirgtear ansin, a ainmniú: Tá 'Pastel de feijão de Torres Vedras' á mhonarú in Torres Vedras ó bhí 1840 ann; Tá ailt á bhfoilsiú i nuachtáin áitiúla ó bhí 1894 ann ar a laghad, ar ailt iad ina ndéantar tagairt do Pastel de feijão mar speisialtacht áitiúil agus, fiú amháin, ina ndéantar Pastel de feijão de Torres nó Pastel de feijão de Torres Vedras a thabhairt orthu; in 1896, áirítear 'Pastel de feijão de Torres Vedras' i measc na n-ocht gcinn is tríocha de 'thaosráin áitiúla tréitheacha' a bhí le feiceáil san 'Exposição Ethnografica Portuguesa' [Taispeántas Eitneagrafach Portaingéalach] i gclár taispeántais lena ndearnadh ceiliúradh ar chothrom ceithre céad bliain an chéad turais a rinne Vasco da Gama chun na hIndia.

In 1927, foilsíodh alt sa phreas ina ndearnadh cáineadh faoi 'taosráin bhréige' a bheith ann agus faoi úsáid bhréagach an ainm pastel de feijão agus an ainm Torres chun 'táirgí fochaighdeánacha' a ainmniú mar fhíor-rud. In 2001, rinneadh tagairt do 'Pastel de feijão de Torres Vedras' sa saothar dar teideal 'Produtos Tradicionais Portugueses' [Táirgí traidisiúnta na Portaingéile], a d'fhoilsigh an Aireacht Talmhaíochta, Forbartha Tuaithe agus Iascaigh. In 2010, bhí alt spéisiúil ann in *Revista Caminhar* maidir le 'A origem dos Pastéis de Feijão' [Tionscnamh Pastéis de feijão] a scríobh Srª Dª Maria Edite Robalo, gariníon an mhór-mhilsíneora Maria Adelaide Rodrigues da Silva (ar a dtugtar Mázinha), a rugadh in 1879. Soláthraíonn 'Guia de Compras Produtos Tradicionais' — 2011' [Treoir 2011 maidir le Táirgí Traidisiúnta a Cheannach], eagráin 2014 agus 2015 de 'Guia dos Bons Produtos Tradicionais' [Treoir maidir le Míntáirgí Traidisiúnta] agus Treoracha 2016 agus 2017 maidir le Táirgí Traidisiúnta tuairiscí ar 'Pastel de feijão de Torres Vedras' agus liostaítear a tháirgeoirí iontu.

Déantar tuairisc fhorleathan freisin ar 'Pastel de feijão de Torres Vedras' ar an idirlíon, tá scannánú déanta ar a mhonarú, tá doiciméadú cuí déanta ar a thábhacht eacnamaíoch agus liostaítear a tháirgeoirí agus a asraonta díolacháin. Ach tá droch-úsáid á baint as an ainm agus as 'oidis' bhréagacha freisin.

Chun 'Pastel de feijão de Torres Vedras' a tháirgeadh, tá gá le saineolas agus oilteacht shonrach, ar nithe iad sin a fhorbraíonn le himeacht ama, bíodh sé sin tríd an teaghlach — tríd an maide a chur ar aghaidh chuig daoine den teaghlach atá gar i ngaol — nó trí dhul san iomaíocht chun pâtissiers a earcú a bhfuil taithí speisialaithe acu ar obair a dhéanamh i ngnólachtaí iomráiteacha mór le rá Torres Vedras a leanann cleachtais thraidisiúnta fós chun a gcuid taosrán a mhonarú. Mar gheall ar shainiúlacht an chórais táirgthe, is féidir eolas agus saineolas a fhorbairt agus a chaomhnú thar na blianta, ar eolas agus saineolas é a chuirtear ar aghaidh ó ghlúin go glúin agus nach féidir a fháil in aon áit eile. Cuireann monarú 'Pastel de feijão de Torres Vedras' go mór leis an ngeilleagar áitiúil agus soláthraíonn sé fostaíocht shuntasach de bhreis ar an ioncam a ghintear le díolacháin 'Pastel de feijão de Torres Vedras' ar fud na Portaingéile agus lena n-onnmhairiú araon (in 2015, 'bhí thart ar 20 monaróir ann, lena n-áirítear monarchana agus patisseries araon, agus iad ag fostú fórsa saothair ina bhfuil 150 ball foirne agus ag táirgeadh thart ar 1.5 milliún taosrán agus ag giniúint beagnach aon mhilliún euro in aghaidh na bliana'). Tá boinn óir agus airgid buaite ag 'Pastel de feijão de Torres Vedras' i gcomórtais náisiúnta taosrán traidisiúnta agus is féidir teacht air ag aontaí agus féilte áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta. Meastar gurb é táirge suaitheanta an bhardais an toirtín pónairí a bhuann an comórtas áitiúil don 'Pastel de feijão de Torres Vedras' is fearr sa bhliain. Chomh maith lena bheith á mhargú go háitiúil, déantar é a mhargú ar fud na Portaingéile agus díoltar é i siopaí beaga, in ollmhargaí agus i hipearmhargaí, i stáisiúin seirbhíse mótarbhealaigh nó i limistéir scíthe agus onnmhairítear é freisin, go háirithe chuig SAM.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://tradicional.dgadr.gov.pt/images/prod_imagens/doces/docs/2024_CE_pastel_feijao_Torres_Vedras_IGP20240519.pdf